Nollaig 2014/QP.12 © QQI

# BEARTAS QQI.

## Beartas um Chaighdeáin Dámhachtainí a Chinneadh

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR


1 ACHOIMRE ..... 3

2 RÉAMHRÁ ..... 3

**2.1** Comhthéacs an Bheartais ..... 3

**2.2** An Bonn Dlíthiúil ..... 4

**2.3** Cuspóir an Bheartais ..... 4

3 BEARTAS ..... 5

**3.1** Cur chuige i Leith Cinneadh Caighdeán ..... 5

**3.2** Caighdeáin Dámhachtana do Dhámhachtainí AOO arna ndéanamh ag QQI agus Soláthraithe a bhfuil ÚT acu ..... 6

**3.3** Caighdeáin Dámhachtana do Dhámhachtainí BOO arna ndéanamh ag QQI agus Soláthraithe a bhfuil ÚT acu ..... 7

**3.4** Caighdeáin do Dhámhachtainí Printíseachta ..... 7

**3.5** Altadh agus Forchéimniú ..... 7

**3.6** An Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha ..... 7

4 PRÓISEAS QQI UM FHORBAIRT AGUS CHINNEADH CAIGHDEÁN ..... 8

**4.1** Tograí maidir le hAthbhreithniú agus Forbairt ar Chaighdeáin Dámhachtana ..... 8

**4.2** Forbairt ..... 8

**4.3** Comhairliúchán ar Dhréacht-Chaighdeáin Dámhachtana ..... 9

**4.4** Cinneadh Foirmiúil ..... 9

**4.5** Foilsiú ..... 9

**4.6** Athbhreithniú ..... 9

5 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO ..... 9

IARSCRÍBHINN AN CÓRAS COMHDHÁMHACHTAINÍ ..... 10

# 1 ACHOIMRE

Bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (Acht 2012). Leagtar amach in Acht 2012 feidhmeanna QQI lena n-áirítear dámhachtainí a dhéanamh.

Leagtar amach sa doiciméad seo cur chuige QQI maidir le caighdeáin dámhachtainí a chinneadh do na dámhachtainí oideachais agus oiliúna a dhéanann sé é féin agus a dhéanann soláthraithe clár oideachais agus oiliúna a bhfuil údarás tarmligthe aige dóibh le dámhachtain a dhéanamh.

Clúdaíonn an beartas caighdeáin dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna (FET) agus caighdeáin dámhachtainí ardoideachais agus oiliúna (HET).

Tugtar srac-chuntas sa bheartas seo an raon cur chuige a úsáideann QQI chun caighdeáin dámhachtainí a fhorbairt agus a chinneadh.

Déantar cur síos ann ar an gCóras Comhdhámhachtainí (an CAS) de chaighdeáin dámhachtainí BOO agus forálann sé dá fhorbairt de réir a chéile.

Trí phróiseas comhairliúcháin, a mbíonn gach páirtí leasmhar páirteach ann, a dhéantar beartas QQI a chur i dtoll a chéile. Gheofar sonraí an phróisis forbartha beartais ar www.QQI.ie. Glacann an Bord le beartas QQI agus cuireann an feidhmeannas i bhfeidhm é dá réir.

# 2 RÉAMHEOLAS

Cinntear caighdeáin dámhachtainí QQI laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) atá á chothabháil ag QQI agus lena gcuimsítear greille táscairí, tuairisceoirí cineál dámhachtana agus beartais, critéir, caighdeáin agus treoirlínte eile a d'fhéadfaí a eisiúint chun tacú leis.

## 2.1 COMHTHÉACS AN BHEARTAIS

Úsáidtear an CNC chun aitheantas a thabhairt do dhámhachtainí arna ndéanamh ag raon foras cáiliúcháin. Aithnítear na príomhchineálacha foras cáiliúcháin, agus leagtar amach a gcaidreamh leis an CNC, sna fo-ailt seo a leanas.

### 2.1.A QQI MAR FHORAS CÁILIÚCHÁIN

Leagtar amach sa doiciméad seo cur chuige QQI i leith caighdeáin dámhachtainí a chinneadh do na dámhachtainí oideachais agus oiliúna a dhéanann sé é féin agus

a dhéanann soláthraithe a bhfuil údarás tarmligthe aige dóibh le dámhachtain a dhéanamh. Cinntear go mbeidh caighdeáin dá leithéid comhsheasmhach le cineálacha dámhachtana CNC.

### 2.1.B SOLÁTHRAITHE A BHFUIL ÚDARÁS LE DÁMHACHTAIN A DHÉANAMH TARMLIGTHE CHUCU

Bronnann na soláthraithe seo dámhachtainí maidir le cláir oideachais agus oiliúna a bhailíochtaíonn siad de réir chaighdeáin dámhachtainí QQI.

### 2.1.C SOCRAÍONN COMHLACHTAÍ DÁMHACHTANA AINMNITHE CAIGHDEÁIN DÁ NDÁMHACHTAINÍ FÉIN

Tá na forais cháiliúcháin seo údaraithe faoin dlí chun dámhachtainí a dhéanamh. Ní chinneann QQI caighdeáin dámhachtainí dá ndámhachtainí siúd. Ceanglaítear orthu le halt 43(3) d'Acht 2012 a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún, go n-aithnítear gach dámhachtain a dhéanann siad laistigh den CNC. Sa chomhthéacs seo ciallaíonn aitheantas laistigh den chreat do dhámhachtain de chuid chreat foras cáiliúcháin ainmnithe go gcinneann an foras sin go bhfuil an caighdeán dámhachtana comhsheasmhach le cineál dámhachtana ábhartha an CNC.

### 2.1.D EAGRAÍOCHTAÍ EILE A BHFUIL A GCUID DÁMHACHTAINÍ AITHEANTA LAISTIGH DEN CNC

Is grúpa ilchineálach eagraíochtaí é seo agus áirítear ann iad siúd a roghnaíonn aitheantas dá gcuid dámhachtainí a lorg laistigh den CNC. Tá cur síos in áit eile ar bheartas agus ar chritéir QQI maidir le haitheantas a thabhairt do dhámhachtainí laistigh den CNC.

## 2.2 AN BONN DLÍTHIÚIL

Tá feidhmeanna ginearálta QQI leagtha amach in alt 9(1) d'Acht 2012. Tá fo-ailt a, e, f, g agus j ábhartha anseo mar atá alt 9(2) a bhaineann le gníomhartha atá le déanamh ag QQI i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. In alt 49 a bhunaítear údarás QQI chun caighdeáin dámhachtainí a chinneadh. Baineann Ailt 50 agus 51 d'Acht 2012 le dámhachtainí a bheith á ndéanamh ag QQI agus ag soláthraí a bhfuil ÚT aige.

## 2.3 CUSPÓIR AN BHEARTAIS

Is é cuspóir an bheartais seo cur chuige QQI i leith caighdeáin dámhachtainí a fhorbairt (go díreach nó go hindíreach) agus a chinneadh.

# 3 BEARTAS

## 3.1 CUR CHUIGE I LEITH CINNEADH CÁIGHDEÁN

Is é an cur chuige a bheidh ag QQI maidir le caighdeáin dámhachtainí a chinneadh ná torthaí foghlama a fhorordú ar shlí atá sonrach go leor chun freastal ar chórais cáilíochtaí agus oideachais agus oiliúna na hÉireann ar mhaithe le sochaí na hÉireann ach gan iad a fhorordú ar shlí níos sonraí ná sin. Ciallaíonn sé seo go mbeidh éagsúlacht sainiúlachta ann i gcinntí QQI maidir le caighdeáin dámhachtainí.

Is iad na caighdeáin dámhachtana is lú sainiúlacht tuairisceoirí cineál dámhachtana CNC (athshonraithe). Is iad seo na caighdeáin réamhshocraithe dámhachtainí do gach dámhachtain oideachais agus oiliúna de chuid QQI - tá feidhm leo mura bhfuil caighdeán dámhachtana níos sainiúla socraithe ag QQI.

Is gnách do chaighdeáin dámhachtainí ardoideachais agus oiliúna QQI (AOO) gan a bheith chomh sonrach lena chaighdeáin dámhachtana breisoideachais agus oiliúna (BOO). D'fhéadfaí, mar shampla, caighdeáin dámhachtainí AOO níos sainiúla a chinneadh i gcás ina bhfuil gá le sainriachtanais oideachais agus oiliúna a ghabháil maidir le hiontráil isteach i gceird nó i ngairm ar leith.

Is gnách go mbíonn caighdeáin dámhachtainí BOO QQI níos sainiúla ná a chaighdeáin dámhachtainí AOO agus tá caighdeáin shonracha socraithe do gach ceann de dhámhachtainí BOO ainmnithe de chuid QQI.

### 3.1.A CAIGHDEÁIN BAILÍOCHTAITHE AGUS DÁMHACHTAINÍ

Is ionann an caighdeán dámhachtana de facto do dhámhachtain ainmnithe ar leith mar a eisítear é an ráiteas ar íostorthaí foghlama beartaithe an chláir a comhaontaíodh ag céim an bhailíochtaithe i gcás an chláir oideachais agus oiliúna lena mbaineann. Is iad na soláthraithe a choinníonn na caighdeáin dámhachtana de facto seo.

Cé go bhfuil caighdeáin dámhachtainí QQI agus a sonraíochtaí dámhachtainí comhfhreagracha sainiúil, a bheag nó a mhór, ní mór na torthaí foghlama beartaithe cláir atá le baint amach, agus le léiriú i gcás inar cuí, sular féidir dámhachtain ainmnithe a bhaineann le clár bailíochtaithe a dhéanamh, a bheith sainiúil agus mionsonraithe a ndóthain chun eolas, scileanna agus inniúlacht shealbhóir na dámhachtana a chur in iúl d'fhostóir ionchasach nó d'institiúid oideachais chun cabhrú leis an sealbhóir dámhachtana rochtain a fháil ar chlár oideachais agus oiliúna ar leith, aistriú nó forchéimniú chuige.

### 3.1.B CAIGHDEÁIN CHEIRDE AGUS OIRIÚNACHT CHUN CLEACHTAIDH

Is é an chiall anseo atá le 'caighdeán ceirde' caighdeán eolais, scile agus inniúlachta nach mór a bhaint amach chun duine a cháiliú nó a cheadúnú chun ceird ar leith a chleachtadh.

Mar léirithe ar thorthaí foghlama ionchais, tá caighdeáin cheirde inchomparáide le caighdeáin oideachais agus oiliúna ach is gnách gur cuspóir agus bunús difriúla a bheidh acu agus is gá idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu dá bharr.

Más ceird rialaithe atá i gceist, d'fhéadfadh an rialtóir caighdeán ceirde a choinneáil. De ghnáth, beidh baint ag an rialtóir, fostóirí, cumainn cheirde, agus soláthraithe oideachais agus oiliúna le bunú na gcaighdeán ceirde. Bheadh na pobail idirnáisiúnta a bhfuil baint acu leis an gceird agus lena bhunachair faisnéise bainteach leis go díreach nó go hindíreach freisin.

Is féidir a bheith ag súil go léireoidh cleachtóirí ceirde rialáilte go tréimhsiúil go gcomhlíonann siad an caighdeán ceirde is infheidhme. D'fhéadfadh sé go mba leor cleachtadh leanúnach chun scileanna cleachtóirí a choinneáil cothrom le dáta ach d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt oideachais agus oiliúna chuige seo freisin.

Féadfar clár agus dámhachtain oideachais agus oiliúna a dhearadh chun duine a ullmhú le dul isteach i gceird. Féadfar cláir agus dámhachtainí oideachais agus oiliúna a dhearadh freisin chun críocha forbartha cleachtóirí. Tairbhíonn cláir agus dámhachtainí den sórt sin (agus caighdeáin dámhachtainí) de chaighdeáin ghairme mionsonraithe agus cothrom le dáta a bheith ann.

Is dámhachtain bhuan í dámhachtain oideachais agus oiliúna agus ní féidir léi feidhmiú mar cheadúnas cleachtaidh atá in-athnuaite go tréimhsiúil ná mar tháscaire ar oiriúnacht leanúnach chun ceird ar leith a chleachtadh. Ní ionadaí í do cheadúnas cleachtaidh.

### 3.1.C IS TAIRSEACH Í CAIGHDEÁN DÁMHACHTANA

Is tairseacha iad caighdeáin dámhachtainí mar atá leagtha amach ag Acht 2012. Déantar cur síos iontu ar chaighdeáin eolais, scile nó inniúlachta atá le gnóthú, agus i gcás inar cuí, le léiriú, ag foghlaimeoir sula bhféadfar dámhachtain a dhéanamh.

## 3.2 CAIGHDEÁIN DÁMHACHTAINÍ DO DHÁMHACHTAINÍ ARDOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ARNA NDÉANAMH AG QQI AGUS SOLÁTHRAITHE A BHFUIL ÚT ACU

Ní chinnfear caighdeáin shonracha dámhachtainí go rialta do dhámhachtainí ardoideachais agus oiliúna toisc go soláthraíonn próisis bhailíochtaithe AOO, nuair a chuirtear i bhfeidhm i gceart iad, seiceáil leordhóthanach ar oiriúnacht na n-íostorthaí foghlama beartaithe do chlár.

## 3.3 CAIGHDEÁIN DÁMHACHTANA DO DHÁMHACHTAINÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ARNA NDÉANAMH AG QQI AGUS SOLÁTHRAITHE A BHFUIL ÚT ACU

### 3.3.A AN CÓRAS COMHDHÁMHACHTAINÍ

Ba é Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna a d'fhorbair an CAS ar dtús agus tá formhór na gcaighdeán dámhachtainí reatha BOO laistigh den CAS. Tá an Comhchóras Dámhachtainí agus impleachtaí na n-athruithe ar an gComhchóras (arna dtabhairt isteach leis an mbeartas seo) mionsonraithe in Aguisín 1. Leanfar dá úsáid le haghaidh forbairt nua ach ní go heisiach.

### 3.3.B CINEÁLACHA CUIR CHUIGE EILE I LEITH CAIGHDEÁIN DÁMHACHTAINÍ BOO A CHINNEADH

Mar a léirítear thuas, is iad tuairisceoirí cineál dámhachtana an CNC caighdeáin dámhachtana réamhshocraithe QQI. Tá cásanna ann ina mbeidh siad seo leordhóthanach do BOO. I gcás ina bhfuil gá le caighdeáin dámhachtana BOO níos sainiúla, déanfar iad a chinneadh.

## 3.4 CAIGHDEÁIN DÁMHACHTAINÍ PRINTÍSEACHTA

I gcás inar gá, cinnfidh QQI caighdeáin dámhachtana do dhámhachtainí printíseachta BOO agus AOO. Beidh an cur chuige comhsheasmhach leis na prionsabail atá leagtha amach sa bheartas seo agus sa phlean feidhmithe.

## 3.5 ALTADH AGUS FORCHÉIMNIÚ

Ní mór do chaighdeáin dámhachtainí féachaint don chaidreamh ó thaobh altadh agus forchéimniú sna cláir chomhfhreagracha. Tá sé tábhachtach cáilíochtaí nach dtiocfaidh rud ar bith astu a sheachaint. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh gach clár as a leanann cáilíochtaí sa Chreat ar chonairí foghlama; i.e. ba chóir go gcuirfidís ar chumas foghlaimeora rochtain a fháil ar chláir eile, aistriú nó forchéimniú chucu.

## 3.6 COMHCHREAT TAGARTHA NA HEORPA UM THEANGACHA

Is córas leibhéal é Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: (CEFRL) bunaithe ar eolas, scileanna agus inniúlacht. Réimse speisialaithe ann is ea foghlaim teangacha. Féadfar CEFRL a úsáid laistigh de chinntí caighdeán dámhachtainí QQI.

# 4 PRÓISEAS FORBARTHA AGUS CINNEADH CAIGHDEÁN QQI

Beidh an próiseas mionsonraithe maidir le forbairt caighdeán éagsúil go mór ó chás amháin go cás eile. Tá gnéithe ginearálta áirithe i bpáirt ag gach próiseas agus léirítear iad seo anseo.

## 4.1 MOLTAÍ MAIDIR LE CAIGHDEÁIN DÁMHACHTAINÍ A ATHBHREITHNIÚ NÓ A FHORBAIRT

Mar a léirítear thuas, soláthraíonn tuairisceoirí cineál dámhachtana an CNC córas réamhshocraithe caighdeán. Féadfar cinntí caighdeán dámhachtana QQI sainiúlacht bhreise nuair is gá. Coinníonn agus foilsíonn QQI treoirlínte agus critéir maidir le moltaí chun caighdeáin dámhachtainí a athbhreithniú agus a fhorbairt.

## 4.2 FORBAIRT

Áirítear leis an saineolas atá riachtanach i bhforbairt caighdeán dámhachtainí tuiscint ar:

- An réimse foghlama
- Riachtanais oideachais agus oiliúna (le haghaidh fostaíochta agus/nó forbartha oideachais)
- An cheird lena mbaineann (más infheidhme); dearcthaí fostóirí agus cleachtóirí ar an gceird agus ar riachtanais oideachais agus oiliúna na ceirde
- Rialáil na ceirde (más infheidhme)
- Cleachtas an oideachais agus na hoiliúna. Tá ról comhordaithe ag an QQI i bhforbairt caighdeán. Ní mór dó a chinntiú:
- Go mbailítear an saineolas forbartha riachtanach le chéile agus go gcuirtear i bhfeidhm é
- Go gcuirtear próiseas forbartha bailí, iontaofa agus oscailte i bhfeidhm
- Go mbíonn caighdeáin dámhachtainí intuigthe agus inchurtha i bhfeidhm
- Go gcomhlíonann caighdeáin dámhachtainí riachtanais shuntasacha oideachais agus oiliúna (le haghaidh fostaíocht nó forbairt oideachais) agus de ghnáth deartar iad le bheith bailí ar feadh cúig bliana nó níos mó
- Go bhfuil caighdeáin dámhachtainí comhsheasmhach leis an CNC
- Go n-aithneofar dámhachtainí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- Go ndéanfaidh caighdeáin dámhachtainí torthaí foghlama beartaithe inmheasúnaithe cláir a rialáil.

Féadfaidh an QQI forbairt caighdeáin dámhachtana a bhainistiú é féin nó socrú a dhéanamh le duine eile.

Féadfaidh an QQI caighdeáin, critéir, noirm nó tagarmharcanna seachtracha a ghlacadh agus a chaighdeáin dámhachtana féin á gcinneadh aige.

### 4.3 COMHAIRLIÚCHÁN MAIDIR LE DRÉACHTCHAIGHDEÁIN DÁMHACHTAINÍ

Nuair a bheidh dréachtchaighdeán forbartha, foilseofar é de ghnáth le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. Féadfar an dréacht a mhodhnú tar éis breithniú a dhéanamh ar an aiseolas ón gcomhairliúchán.

### 4.4 CINNEADH FOIRMIÚIL

Má tá feidhmeannas QQI go bhfuil dréachtchaighdeán dámhachtana oiriúnach lena chinneadh ag QQI, cuirfidh sé faoi bhráid Choiste Beartas agus Caighdeán QQI é lena ghlacadh.

### 4.5 FOILSIÚ

Foilseoidh QQI caighdeáin dámhachtainí ar a shuíomh gréasáin.

### 4.6 ATHBHREITHNIÚ

Déanfar athbhreithniú ar chaighdeáin dámhachtainí ó am go ham de réir mar is gá. Féadfaidh feidhmeannas QQI athruithe beaga a dhéanamh lasmuigh den timthriall athbhreithnithe más gá.

Foilseofar athruithe ar chaighdeáin ar shuíomh Gréasáin QQI. Tá soláthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu chun dámhachtainí a dhéanamh agus soláthraithe clár bailíochtaithe QQI freagrach as caighdeáin ábhartha a mhonatóiriú agus as freagairtí riachtanacha a dhéanamh ar athruithe.

## 5 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo agus ar phrionsabail agus ar chur chuige QQI maidir le Caighdeáin Dámhachtainí a chinneadh dhá bhliain tar éis rogha an bheartais seo, nó níos luaithe más gá.

# IARSCRÍBHINN: AN CÓRAS COMHDHÁMHACHTAINÍ


**1** RÉAMHRÁ ....... 11

**2** AN COMHTHÉACS ....... 11

2.1 Téarmaíocht ....... 11

2.2 Beartas agus Critéir chun Dámhachtainí an CAS a Dhéanamh ....... 12

3 AN CÓRAS COMHDHÁMHACHTAINÍ ....... 12

3.1 Athruithe ar an CAS a tugadh isteach leis an mBeartas seo ....... 12

**4** COMHRÉIR DO SHONRAÍOCHTAÍ DHEIMHNIÚ AGUS CHOMHPHÁIRTE AN CAS ....... 15

4.1 Comhréir Sonraíochta Deimhnithe/Comhpháirte an CAS ....... 15

4.2 Teideal ....... 16

4.3 Cuspóir ....... 17

4.4 Creidiúint BOO ....... 17

4.5 Réimse Foghlama ....... 18

4.6 Torthaí Foghlama Ionchais ....... 18

4.7 Riachtanais Deimhnithe ....... 18

4.8 Riachtanais Mheasúnachta ....... 18

4.9 Sainriachtanais Bhailíochtaithe ....... 19

4.10 Ráitis Rochtana ....... 19

# 1 RÉAMHEOLAS

Is córas dámhachtainí agus caighdeán dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna é an Córas Comhdhámhachtainí, atá bunaithe ar thorthaí foghlama. Ba é an Chomhairle Breisoideachais agus Oiliúna a cheap ar dtús agus tá sé á choinneáil agus á fhorbairt tuilleadh ag QQI. Bhí tuairim is 1600 sonraíocht dámhachtana an CAS ann (miondámhachtainí san áireamh) an uair a scríobhadh é seo).

Tá beartas an Chórais Chomhdhámhachtainí curtha i láthair san aguisín seo.

# 2 COMHTHÉACS

## 2.1 TÉARMAÍOCHT

Úsáideann an CAS ceithre phríomh-aicme dámhachtana an Chreata[1]:

- Mórdhámhachtain
- Miondámhachtain
- Dámhachtain Sainchuspóra
- Dámhachtain Fhorlíontach

Mínítear an CNC, a aicmí dámhachtana agus a chineálacha dámhachtana in áiteanna eile. Tá dhá théarna bhreise ann a úsáidtear go minic sa CAS chun cur síos a dhéanamh ar dhámhachtainí dá chuid:

- Comhpháirt
- Comhshuite.

Tá an téarma comhpháirt nó 'dámhachtain chomhpháirte' comhchiallach leis an téarma 'miondámhachtain' sa CNC. Is i 'sonraíocht chomhpháirte' a dhéantar cur síos ar dhámhachtain chomhpháirte. Féadfaidh deimhniú comhpháirte a dheimhniú go bhfuil dámhachtain chomhpháirte ainmnithe amháin nó níos mó ag duine

Is dámhachtain í dámhachtain chomhshuite a bhfuil dámhachtainí comhpháirte forordaithe inti. Féadfaidh sí a bheith ina mórdhámhachtain, ina dámhachtain fhorlíontach nó ina dámhachtain sainchuspóra. Déantar cur síos ar dhámhachtain chomhshuite i 'sonraíocht deimhnithe' agus áirítear leis seo 'riachtanais deimhnithe' trína mionsonraítear na dámhachtainí comhpháirte gaolmhara go léir agus na teaglamaí de dhámhachtainí comhpháirte nach mór a dhéanamh/a shealbhú sula bhféadfar

1 Úsáideann an CAS an téarma 'cineál dámhachtana' uaireanta i gciall 'aicme dámhachtana'. Is minic a bhíonn na téarmaí inmhalartaithe ach ní i gcónaí agus dá bhrí sin moltar an úsáid is cruinne.

an dámhachtain chomhshuite a dhéanamh/a shealbhú. Bíonn na torthaí foghlama foriomlána ionchais do dhámhachtain chomhshuite san áireamh ina sonraíocht deimhnithe freisin. Eisítear dámhachtainí comhshuite mar 'dheimhnithe' (tá cur síos mionsonraithe ar na coinbhinsiúin ainmniúcháin i roinn 4).

### 2.2 BEARTAS AGUS CRITÉIR CHUN DÁMHACHTAINÍ QQI AN CAS A DHÉANAMH

Bunaífear le Beartas agus Critéir QQI um Dhámhachtainí a Dhéanamh an beartas agus na critéir chun dámhachtainí an CAS a dhéanamh.

## 3 AN CÓRAS COMHDHÁMHACHTAINÍ

Is éard atá sa chóras comhdhámhachtainí:

- Sonraíochtaí deimhnithe do dhámhachtainí comhshuite (i.e. mórdhámhachtainí, dámhachtain fhorlíontach nó dámhachtain sainchuspóra).
- Sonraíochtaí comhpháirte (do mhiondámhachtainí).
- Rialacháin maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí dámhachtainí.

Áirítear sna sonraíochtaí deimhnithe agus comhpháirte caighdeáin dámhachtainí a léirítear mar íostorthaí foghlama ionchais. Áirítear leo freisin faisnéis bhreise mar a thuairiscítear i roinn 4 den aguisín seo.

### 3.1 ATHRUITHE AR AN CAS A THUGTAR ISTEACH LEIS AN MBEARTAS SEO

#### 3.1.A MEASÚNÚ

Sula bhféadfaidh foghlaimeoir aon dámhachtain den CAS a fháil, ní mór dó nó di na torthaí foghlama ionchais go léir a shonraítear don dámhachtain a bheith bainte amach aige nó aici agus, i gcás inar cuí, léirithe aige nó aici. Chun amhras a sheachaint, ní leor measúnú a bheith déanta ar na torthaí go léir.

#### 3.1.B SONRAÍOCHTAÍ DÁMHACHTANA COMHPHÁIRTE BUAIC-CHÚRSA

Féadfaidh dámhachtain chomhpháirte bhuaic-chúrsa éigeantach a bheith san áireamh sna riachtanais deimhnithe i gcás dámhachtain chomhshuite. Ní bhíonn ach dámhachtain chomhpháirte bhuaic-chúrsa amháin ag gabháil le haon dámhachtain chomhshuite ar leith. Is é an cuspóir an foghlaimeoir a éascú le torthaí foghlama ionchais (foriomlána) na dámhachtana comhshuite a léiriú—i gcás nach féidir é seo a

chinntiú trí chineálacha eile dámhachtainí comhpháirte a bhaint amach. Tá creidiúint a ghabhann le dámhachtain chomhpháirte bhuaic-chúrsa ceaptha le comhtháthú na foghlama a baineadh amach sna comhpháirteanna eile a éascú.

### 3.1.C SONRAÍOCHTAÍ DÁMHACHTAINÍ FORBARTHA DE CHUID SOLÁTHRAITHE

Faoi réir chomhaontú QQI, féadfaidh soláthraí cláir oideachais agus oiliúna a shonraíochtaí dámhachtana féin a fhorbairt laistigh de chreat an CAS. Féadfaidh sonraíochtaí dámhachtana arna bhforbairt ag soláthraí faoi chomhaontú den sórt sin:

- A bheith le haghaidh aon aicme dámhachtana (mórdhámhachtain, dámhachtain sainchuspóra, dámhachtain fhorlíontach)
- Ní mór dóibh a bheith comhsheasmhach le tuairisceoirí cineál dámhachtana an Chreata
- Féadfaidh sonraíochtaí dámhachtana comhpháirte den CAS a bheith san áireamh iontu
- Is leis an soláthraí lena mbaineann iad agus ní fhéadfaidh soláthraithe eile iad a úsáid gan comhaontú an tsoláthraí sin agus QQI
- Ní mór comhpháirt bhuaic-chúrsa a áireamh ann i gcónaí mar a thuairiscítear san fho-alt roimhe seo
- Ní mór iad a bheith ceadaithe (agus athbhreithnithe go tréimhsiúil) i gcomhthéacs próiseas bailíochtaithe (agus athbhailíochtaithe) cláir lena mbaineann painéal saineolaithe ar féidir leo comparáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh
- Ní mór dóibh cloí le ceanglais chreidiúna BOO.

### 3.1.D SONRAÍOCHTAÍ MÓRDHÁMHACHTANA, DÁMHACHTANA SAINCHUSPÓRA NÓ FORLÍONTAÍ GAN MHIONDÁMHACHTAINÍ FORORDAITHE

Féadfar sonraíocht dheimhniú an CAS (mórdhámhachtain, dámhachtain sainchuspóra nó forlíontach) a chinneadh gan aon dámhachtainí comhpháirte a fhorordú.

### 3.1.E SONRAÍOCHTAÍ MÓRDHÁMHACHTANA, DÁMHACHTANA SAINCHUSPÓRA NÓ FORLÍONTAÍ MAR AON LE CREIDIÚINT IARMHARACH

Tá creidiúint íosta BOO ag gabháil le gach deimhniú an CAS. Léiríonn Tábla 1 na híosriachtanais do dheimhniú mhórdhámhachtainí an CAS.

Ní gá creidiúint iomlán deimhnithe a leithdháileadh ar dhámhachtainí comhpháirte (forordaithe nó neamh-fhorordaithe).

Léireoidh sonraíocht dámhachtana an deimhnithe conas is féidir creidiúint iarmharach a dhéanamh suas. D'fhéadfadh go mbeadh cuid (murab é an t-iomlán) den chreidiúint iarmharach ag teastáil chun an fhoghlaim chomhtháite a bhaineann le torthaí foghlama ionchais an deimhnithe a bhaint amach a chlúdach (seachas torthaí foghlama ionchais a chomhpháirteanna).

Ní mór don dearadh cláir a shonrú conas a úsáidtear creidiúint iarmharach agus ní mór é seo a cheadú ag céim an bhailíochtaithe. Féadfaidh soláthraí a shonraíochtaí dámhachtainí 'forbartha ag an soláthraí' féin a úsáid chun an creidiúint iarmharach a dhéanamh suas faoi réir alt 3.1.3 (lena n-áirítear bailíochtú).

Ní 'cárta saor' é creidiúint iarmharach chun úsáid miondámhachtainí treallacha a chumasú chun riachtanais chreidiúna deimhnithe a dhéanamh suas.

Tugann leibhéil 1-3 den chreat solúbthacht níos mó, áfach, i gcomparáid leis sin, áfach, ó thaobh dámhachtainí comhpháirte a chomhiomlánú chun mórdhámhachtainí a thuilleamh.

**Tábla 1**

| | Leibhéal 1 | Leibhéal 2 | Leibhéal 3 | Leibhéal 4 | Leibhéal 5 | Leibhéal 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Riachtanas Creidiúna do Dheimhniú (i dtaca le baint amach leibhéal an Chreata roimhe sin)** | 20 | 30 | 60 | 90 | 120 | 120 |
| **An t-uasmhéid a leithdháiltear ar dhámhachtainí comhpháirte** | 20 | 30 | 60 | 90 | 120 | 120 |
| **An t-íosmhéid a leithdháiltear ar chomhpháirteanna** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

Tábla 2 (i roinn 4) ina léirítear an dáileadh creidiúna roimhe seo agus dá bhrí sin baineann sé leis an gcuid is mó de stoc na sonraíochtaí deimhnithe tráth scríofa na tuarascála seo. Ceadaíonn an dáileadh nua fócas níos mó ar oideachas agus oiliúint ghairmiúil agus tugann sé solúbthacht i bhfad níos mó do dhearthóirí clár.

### 3.1.F ROGHANNA EILE AR LINNTE SCILEANNA INAISTRITHE LE HAGHAIDH SONRAÍOCHTAÍ NUA DO DHÁMHACHTAINÍ COMHSHUITE

Ar dtús, ba nós é linnte inar forordaíodh dámhachtainí comhpháirte do scileanna inaistrithe (e.g. obair foirne agus taithí oibre) i áireamh i gceanglais deimhnithe laistigh de shonraíochtaí do dhámhachtainí comhshuite an CAS.

Ní gá a thuilleadh na linnte seo a áireamh i gcás sonraíochtaí dámhachtainí nuafhorbartha nó athbhreithnithe. Ní mór scileanna inaistrithe a áireamh sna torthaí

foghlama a bhfuiltear ag súil leo le haghaidh dámhachtain chomhshuite. Ba chóir go gcuirfí ar chumas dearthóirí clár forbairt na scileanna seo a chomhtháthú sa chlár.

# 4 COMHRÉIR DO SHONRAÍOCHTAÍ DHEIMHNITHE AGUS COMHPHÁIRTE AN CAS

Leagtar amach sa roinn seo gnéithe ginearálta de chomhréir shonraíocht dheimhithe/chomhpháirte an CAS. Cinntear an chomhréir mhionsonraithe trí chur i bhfeidhm an CAS agus níl sé forordaithe anseo. Féadfaidh an chomhréir athrú le leibhéal an Chreata.

## 4.1 COMHRÉIR DO SHONRAÍOCHTAÍ DHEIMHNITHE/CHOMHPHÁIRTE AN CAS

De ghnáth, dírítear ar na cinnteidil seo a leanas i sonraíochtaí teastais agus comhpháirte. Mínítear cuid acu sna ranna seo a leanas.

i. Teideal na dámhachtana
ii. Leibhéal den Chreat
iii. Ráiteas Cuspóra
iv. Luach Creidiúna
v. Réimse Foghlama
vi. Torthaí Foghlama Ionchais
vii. Riachtanais Deimhnithe
viii. Riachtanais Mheasúnachta
ix. Grádú
x. Ceanglais Speisialta Bailíochtaithe
xi. Doiciméid Tacaíochta
xii. Ráitis Rochtana

Ríomhtar an grád (i gcás dámhachtain aicmithe) ó mheán ualaithe ghráid na gcomhpháirteanna atá liostaithe i gceanglais an deimhnithe.

Ní gá go gcuirfeadh dámhachtainí lena ndéantar suas creidiúint iarmharach leis an ngrád agus féadfar comhpháirteanna a fhaightear trí dhíolúine a eisiamh ó ríomh an ghráid.

D’fhéadfaí a cheangal i sonraíochtaí dámhachtainí nua gach grád comhpháirte a chur san áireamh i ríomh an ghrádaithe i dteannta na nithe eile atá san áireamh.

## 4.2 TEIDEAL

Dhá chuid atá i dteideal na dámhachtana: ‘an teideal gais’ (a léiríonn Cineál agus Aicme Chreata na dámhachtana) agus ‘teideal na dámhachtana ainmnithe’ (trína léirítear ábhar na dámhachtana).

Seo an fhoirm a bhíonn ag teideal dámhachtana:

[Teaghrán an Leibhéil] [Teaghrán Gais] Deimhniú [Teaghrán Ábhair]

I gcás N = 1, ..., 6, Teaghrán Leibhéil = folamh do Theaghrán Gais = “comhpháirte” ar shlí eile = “Leibhéal [N]”, Teaghrán Gais = folamh (i gcás cineál Mórdhámhachtana agus N= 1 nó 2 ...nó 5) nó “Ardleibhéal” (i gcás Mórdhámhachtainí agus N=6) nó “Sainchuspóra” ...nó “Forlíontach” ...nó “comhpháirte” ... agus go gcruthaítear Teaghrán Ábhair i gcomhréir le ranna 5.1.1 agus 5.5 agus i gcás comhpháirteanna treoracha a bhfuil Leibhéal [N] orthu agus iad sin amháin.

Tábla 2 ina léirítear tógáil teidil dámhachtainí[2]

| | **Deimhniú** | |
|---|---|---|
| **Mórdhámhachtainí** | Deimhniú Leibhéal N | [Teaghrán ábhair] |
| **Miondámhachtainí** | Deimhniú Comhpháirte | Leibhéal N [Teaghrán Mionábhair 1] Leibhéal N [Teaghrán Mionábhair 1] ... |
| **Dámhachtainí sainchuspóra** | Deimhniú Sainchuspóra Leibhéal N | |
| **Dámhachtainí forlíontachta** | Deimhniú Forlíontach Leibhéal N | |

### 4.2.A TEIDEAL DÁMHACHTANA AINMNITHE (TEAGHRÁN ÁBHAIR)

Ní mór don teideal ainmnithe dámhachtana a bheith gonta, an t-ábhar a léiriú agus na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo a léiriú. Féadfaidh an teideal ainmnithe dámhachtana catagóirí Réimse Foghlama a ionchorprú nuair is féidir. Mar shampla: Deimhniú Leibhéal 5 san Fhoraoiseacht.

Teidil ainmnithe dámhachtana:

- Ba chóir go mbeadh siad aonfhoirmeach nuair is féidir i gcás an ábhair chéanna ag leibhéil éagsúla den Chreat.
- Ní mór dóibh a bheith uathúil do dhámhachtainí ag an leibhéal céanna den Chreat.
- Ní féidir teideal dámhachtana comhshuite a úsáid le haghaidh dámhachtain chomhpháirte.

2 Eiseofar leagan inste den phrótacal le samplaí in am trátha

- Ba chóir go léireodh sé réimse foghlama seachas slí bheatha nó post.
- Ceathracha trí charachtar ar a mhéad, roghnaithe as: an aibítir Rómhánach a cheadaítear; carachtar an spáis; agus carachtar an fhleiscín.
- Níor cheart dó aon chearta maoine a shárú.

## 4.3 CUSPÓIR

Ní mór cuspóir a bheith luaite le gach dámhachtain den CAS. Tá sé mar aidhm ag ráitis chuspóir an CAS cur síos a dhéanamh ar a gcuirfidh an fhoghlaim ar chumas shealbhóir na dámhachtana a dhéanamh.

## 4.4 CREIDIÚINT BOO

De ghnáth, ríomhtar creidiúint BOO (tomhas ar iarracht an fhoghlaimeora) sa CAS ar bhonn céim amháin suas: i.e. glacann an chreidiúint BOO a bhaineann le dámhachtain an CAS ag leibhéal áirithe den Chreat (mura ndeirtear a mhalairt) leis mar bhonnlíne go bhfuil na ceanglais don leibhéal roimhe sin sa Chreat sa réimse disciplíne lena mbaineann sroichte ag an bhfoghlaimeoir cheana féin.

Áirítear luach creidiúna BOO i ngach deimhniú agus sonraíocht chomhpháirte den CAS. De ghnáth, déantar creidiúint BOO a chainníochtú go hiolraí de 5 Chreidiúint BOO (50 uair an chloig d'iarracht an fhoghlaimeora). Bunaítear iarracht an fhoghlaimeora ar an am a thógann sé ar fhoghlaimeoirí tipiciúla ag leibhéal na dámhachtana ar an meán, na torthaí foghlama don dámhachtain a bhaint amach. Áirítear leis an t-am foghlama go léir a thógann sé, lena n-áirítear; uaireanta foghlama treoraithe, foghlaim féinstiúrtha agus measúnú.

De ghnáth, bíonn an luach creidiúna céanna ag gach mórdhámhachtain den CAS ag an leibhéal céanna den Chreat. Bíonn an luach réamhshocraithe dá leibhéal den Chreat nó do cheann de roinnt roghanna ceadaithe eile ag dámhachtainí comhpháirte (Tábla 3).

Tráth glactha an bheartais seo, úsáideadh luach creidiúna réamhshocraithe de 15 Chreidiúint BOO agus miondámhachtainí á gcruthú (trí ascnamh[3]) ag Leibhéil 5 agus 6 den Chreat. Mar sin, mura ndearnadh cás fad a bhí sonraíocht áirithe deimhnithe á cheapadh, is é 15 creidiúint BOO an leibhéal creidiúna do gach miondámhachtain leibhéal 5 agus leibhéal 6. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le neamhghnáchaíochtaí a chaithfí a shainaithint agus a réiteach.

3 Próiseas ab ea ascnamh a bhí in úsáid ag an gComhairle Breisoideachais agus Oiliúna chun sonraíochtaí dámhachtana an CAS a ghiniúint ó ábhar a bhí ann roimhe sin. Tugadh an t-ascnamh chun críche in 2013/2014.

**Tábla 3 Rialacha creidiúna**

| Leibhéal den Chreat | Luachanna Creidiúna Mórdhámhachtainí | Luachanna Creidiúna Miondámhachtainí Réamhshocraithe | Luachanna Creidiúna Miondámhachtainí Ceadaithe Eile | Raonta Luachanna Creidiúna Dámhachtainí Sainchuspóra agus Forlíontacha |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 20 | 5 | 10 | |
| 2 | 30 | 5 | 10 | |
| 3 | 60 | 10 | 5,20 | ≥5 agus ≤ 60 |
| 4 | 90 | 10 | 5,15,20 | ≥5 agus ≤ 90 |
| 5 | 120 | 15 | 5,10,30 | ≥5 agus ≤ 120 |
| 6 | 120 | 15 | 5,10,30 | ≥5 agus ≤ 120 |

## 4.5 RÉIMSE FOGHLAMA

Córas na nAicmí Réimse Foghlama arna úsáid ag an CAS.

## 4.6 TORTHAÍ FOGHLAMA IONCHAIS

Ní mór ráiteas ar an gcaighdeán eolais, scile agus inniúlachta atá le sroicheadh e gur féidir an dámhachtain deimhnithe ábhartha a dhéanamh, a bheith san áireamh i ngach sonraíocht deimhnithe.

## 4.7 RIACHTANAIS DEIMHNITHE

Féadfaidh sonraíocht deimhnithe an CAS ‘ceanglais teastais’ a áireamh ina sonraítear na dámhachtainí comhpháirte an s (miondámhachtainí) nach mór a bheith ag foghlaimeoir sular féidir an dámhachtain chomhshuite a dhéanamh agus an deimhniú a eisiúint.

## 4.8 CEANGLAIS MHEASÚNACHTA

Soláthraíonn ceanglais mheasúnaithe ceanglais fhorlíontacha os cionn an cheanglais chaighdeánaigh d’aon dámhachtain QQI, is é sin go ndéanfar measúnú ar an bhfoghlaimeoir mar dhuine a bhfuil na torthaí foghlama ionchais bainte amach aige/aici. Is féidir an roinn seo a fhágáil bán.

Féadfaidh sonraíocht dámhachtana am grád deiridh a chinneadh bunaithe ar chumasc de theicnící measúnachta: e.g. Tionscadal 20% Scrúdú-Teoiric 80%.

Nó féadfaidh sonraíocht dámhachtana ceanglais mheasúnaithe a fhorordú ar shlí eile.

## 4.9 CEANGLAIS SHONRACHA UM BAILÍOCHTÚ

Féadfaidh coinníollacha a bheith i sonraíochtaí teastais agus comhpháirteanna nach mór a chomhlíonadh sula bhféadfar clár as a leanann an dámhachtain a bhailíochtú.

## 4.10 RÁITIS ROCHTANA

Baineann beartais agus critéir QQI maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú i ndáil le foghlaimeoirí le gach cuid dá chúraimí. Más gá díriú ar aon nithe neamhchaighdeánacha, cuirtear san áireamh sa ráiteas rochtana iad.